Gairm ar Pháipéir

Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge

4-5 Deireadh Fómhair 2019

Áras na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tá leathchéad bliain ann i mbliana ó bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Ag comhdháil na bliana seo, tugtar cuireadh do scoláirí machnamh a dhéanamh faoi cheisteanna a bhaineann le cúrsaí sóisialta, le cúrsaí polaitiúla agus le cúrsaí cultúir i litríocht agus i gcultúr na Gaeilge. Fáilteofar roimh pháipéir a bhaineann le tréimhsí éagsúla de Léann na Gaeilge, idir nua agus sean.

Ar na hábhair a d'fhéadfaí a phlé, mar shampla, tá a leithéidí seo:

- An chritic shóisialta agus/nó pholaitiúil (go stairiúil nó go comhaimseartha) i dtéacsanna Gaeilge (téacsanna litríochta, béaloidis, iriseoireachta, físe, raidió, srl.)
- Cúrsaí eisimirce agus inimirce
- Cúrsaí geilleagracha agus cearta an duine nó cearta an phobail
- Cúrsaí inscne
- Gluaiseachtaí teanga agus cultúir
- Ceartas timpeallachta agus an chritic éiceolaíochta

Tugtar cuireadh do scoláirí achoimre 200 focal ar pháipéir (20 nóiméad) nó ar phainéil (3 cainteoirí) a chur ar aghaidh.

Spriocdháta: 1 Meitheamh 2019

Seoladh comhfhreagrais:

comhdhailnagaillimhe@gmail.com

Seoltar achoimrí chuig an seoladh seo amháin.